

An Táin Bó Cuailgne

Réamhrá

Ceann de na scéalta is suntasaí sa mhiotaseolaíocht agus sa Ghaeilge ná An Táin Bó Cuailgne agus is ceann de mhóreipicí an domhain é chomh maith. Fuarthas an chéad taifead de i scríbhinn i Leabhar Laighean. Is é sin an lámhscríbhinn is ársa atá scríofa go hiomlán i nGaeilge. Baineann Leabhar Laighean leis an dara haois déag agus coimeádtar anois é sa Seomra Fada i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. *Lebor Na Nuachongbála* a tugadh ar an lámhscríbhinn bhunaidh. Bhí lonnaíocht mhainistreach sa cheantar a thug an t-ainm don lámhscríbhinn a fuarthas sa Nuachabháil, i gContae Laoise sa cheathrú haois déag.

Caint na bPiliúr

Oíche amháin, bhí an Bhanríon Méabh agus a fear céile ina luí sa leaba ag caint ar a gcuid saibhris. Chuaigh an comhrá chun seirbhe nuair a mhaígh Ailill go raibh sé níos saibhre ná Méabh. “Ní cheapaim go bhfuil sin fíor”, a gháir Méabh.

“Ná dearmad gurb iníon Ard-Rí na hÉireann mé. Bhí an oiread sin seoda, laochra agus nithe luachmhara agam agus ba mhian liom sular bhuail mé leatsa. Tá mé níos saibhre ná tusa go nuige seo.”

“Ní aontaím leat, a Mhéabh. Ní mór duit é sin a chruthú”, a d'fhreagair Ailill.

Ní raibh aon dul as acu ach a ngiurléidí suntasacha a bhailiú le chéile agus a chur ina dhá charn mhóra nó go ndéanfaidís comparáid eatarthu. Bhí seoda móra óir ann, ornáidí airgid feistithe le seoda luachmhara, éadaí míne le bróidniú den scoth orthu, agus go leor ainmhithe breátha ann. Bhí an chosúlacht ann go raibh an méid céanna saibhris ag an mbeirt ach ansin fuair Ailill Fionnbheannach, Tarbh Ollmhór Bán Connacht a bhí ina sheilbh aige.

Ba léir do Mhéabh go raibh Fionnbheannach i bhfad níos fearr ná aon ainmhí a bhí ina seilbh aici, agus d'imigh sí léi go cantalach feargach.

Agus teann éada uirthi chuir Méabh fios ar a teachtaire, Mac Roth.

“An eol duit cá bhfaighinn ainmhí chomh breá le Tarbh Bán Connacht?”, a d'fhiafraigh sí de.

“Is eol dom, mar a tharlaíonn sé!”, a d'fhreagair sé.

“Tá tarbh eisceachtúil ag Dáire Mac Fhiachna ó Chúige Uladh- An Donn Cuailgne is ainm don tarbh. Níl a leithéid le fáil in Éirinn, fiú amháin agus Fionnbheannach, Tarbh Bán Connacht féin san áireamh.”

Bhí ríméad ar Mhéabh nuair a chuala sí é sin. Gan a thuilleadh moille, chuir sí Mac Roth agus cuid dá fhir chuig Dáire le teachtaireacht.

“Iarr ar Dháire an tarbh a thabhairt dom ar iasacht ar feadh bliana. Abair leis go gcúiteoidh mé go maith leis le dosaenacha bodóg sláintiúil, le hór agus le haon rud eile is mian leis.”

Tugann Mac Roth Cuairt ar Dháire

Bhrostaigh Mac Roth agus na fir ar luas lasrach trasna na hÉireann. Thaistil siad ar feadh an lae, ag dul tríd An Iarmhí, tríd An Mhí agus tríd An Lú sular shroich siad halla mór Dháire i gCuaille, agus an ghrian ag dul faoi.

Chuir Dáire fíorchaoin fáilte roimh na taistealaithe.

“Tagaigí isteach! Tagaigí isteach!” a dúirt sé . Is cinnte go bhfuil sibh tuirseach traochta tar éis an aistir fhada a bhí agaibh. Bíodh dinnéar agaibh liom cois tine agus inis dom an fáth ar tháinig sibh ar cuairt.”

Mhínigh Mac Roth do Dháire an fáth ar theastaigh an Tarbh Donn ó Mhéabh don bhliain.

“Bhí argóint mhór acu faoi cé acu is saibhre, í féin nó Ailill. Tabharfaidh sí go leor luaíochtaí duit mar chúiteamh ar aon mhíchaoithiúlacht.”

Gháir Dáire faoin scéal agus dúirt sé go mbeadh sé thar a bheith sásta An Tarbh Donn a thabhairt do Mhéabh don bhliain. Chuaigh Mac Roth a luí go sona sásta. Bheadh áthas ar Mhéabh leis. Cheap sé gurbh é seo an tasc ab éasca a tugadh dó riamh ach bhí mórshuaitheadh i ndán dó.

Tar éis do Mhac Roth dul a luí, chuala Dáire cuid de na fir ag caint eatarthu féin. Bhí siad ag maíomh go raibh sé beartaithe ag Méabh An Tarbh a ghabháil le forneart ar aon nós mura n-aontódh Dáire An Tarbh a thabhairt ar iasacht di. Nuair a chuala Dáire é seo bhí sé ar buile. Ghluais sé faoi luas lasrach díreach chuig Mac Roth agus é ag tachtadh le fearg.

“Mhaslaigh tú go mór mé, a Mhic Roth”, a bhéic sé, “agus tú faoi mo dhíon freisin! Ná ceap gur féidir leatsa nó leis an mBanríon Méabh an dallamullóg a chur orm. Bailígí libh as an áit seo láithreach agus ní bhfaighidh sibh mo Tharbh Donn choíche.”

Bhí ionadh an domhain ar Mhac Roth faoin drochíde thobann a thug Dáire dó. Thriail sé labhairt leis ach ní raibh aon mhaitheas ann. Ní raibh ciall na réasún le baint as. Chaith Dáire amach as halla na féile iad agus ní raibh aon rogha ag Mac Roth ach filleadh abhaile, cloíte.

Fógraíonn Maebh Cogadh agus déanann sí Neamhaird de Thairngreacht

Fhidelma

“Céard?”, a scread Méabh nuair a d'inis Mac Roth di faoinar tharla. Mhéadaigh a fearg faoi dhó, i bpreab na súl.

“Ní dhiúltaíonn aon duine iarratas ó Bhanríon na Cruacháine!” a d'fhógair sí. Beidh aiféala ar Dháire Mac Fhiachna. Bainfear de An Tarbh Donn, is cuma an maith leis é nó nach maith.”

Agus is mar seo a tharla sé gur fhógair Méabh cogadh. Bhailigh sí arm neartmhar chun ionsaí a dhéanamh ar Chúige Uladh agus an Tarbh Donn a bhreith léi. Rinne banfháidh Mhéibhe iarracht rabhadh a thabhairt do Mhéabh go mbrisfeadh na hUltaigh uirthi sa chath, ach níor thug Méabh

aon aird uirthi. Níor smaoinigh sí ar aon rud ach díoltas a bhaint amach ar Dháire mar gheall ar an masla a thug sé di.

“Tá dul amú ort,” a dúirt sí. “Tá fir Uladh faoin seanmhallacht péine a chuir Macha orthu. Ní bheidh mo shártaochra i mbaol ar bith leo. Máirseálfaimid ar Chúige Uladh inniu!”

Ba é Fergus Mac Roich ceannaire airm Mhéibhe ag an am. Ba laoch den scoth é ach bhí drogall air troid in aghaidh a chomhmhuintire. Bheartaigh sé bealach fada a thógáil chuig Cúige Uladh chun tuilleadh ama a ghnóthú.

Agus é ag máirseáil le harm Mhéibhe, sheol sé teachtaireacht rabhaidh chuig Cú Chulainn, laoch curaidh Ulaidh. Ní dheachaigh mallacht Mhacha i gcion ar Chú Chulainn. Eisean amháin a bhí saor ó thionchar dochracht na mallachta agus réitigh sé é féin chun Cúige Uladh a chosaint ina aonar.

Cosnaíonn Cú Chulainn Cúige Uladh

Tar éis cúpla lá ag máirseáil dóibh tháinig laghdú ar chéimnigh airm Mhéibhe. Lá i ndiaidh lae fuarthas fir marbh agus ní raibh a fhios ag aon duine céard ba chúis leis. Ghair sí ar Fergus. “Inis dom, a Fergus” ar sise, “cé atá ag cur isteach orm? Is drochthuar é seo agus ní féidir linn aon fhir eile a chailleadh.” “Sin ceist atá éasca le freagairt”, a dúirt Fergus, “Is é Cú Chulainn atá ciontach as marú na bhfear. Is eisean an laoch curaidh is cáiliúla in Éirinn agus bheadh sé inmholta aird a thabhairt ar a rabhadh. D'fhéadfainn labhairt leis ar do shon, más mian leat.” Lig Méabh do Fergus dul chuig Cú Chulainn agus d'fhan sí go mífhoighneach gur fhill sé. Bhuail an bheirt laochra ag meánlae agus d'éist Fergus leo fad is a leag Cú Chulainn amach a choinníollacha.

“Abair le do Bhanríon Méabh,” a dúirt sé, “má aontaíonn sí, gur féidir léi duine dá laochra a chur chugam gach lá ionas go rachaidh mé i ngleic leis i gcomhrac aonair. Agus féadfaidh sí féin agus a harm leanúint leo leo chuig Cúige Uladh fad is a bhíonn na troideanna ag dul ar aghaidh.”

Glacadh leis na coinníollacha seo agus seoladh na laochra is láidre a bhí ag Méabh duine ar dhuine chun dul i ngleic le Cú Chulainn. Ag dul faoi na gréine gach lae, bhí an chosúlacht ann go raibh Méabh ag druidim le treascairt mar ní raibh oiread is fear amháin aici leis an scil chéanna a bhí ag Cú Chulainn. Bhí féinmhuinín na bhfear ag laghdú go tapa. Bhí ar Mhéabh ór agus talamh agus fiú amháin lámh a hiníne Finnabair a ghealladh chun na fir a mhealladh chun troda. Ba ghearr go raibh sé in am don mhórghaiscíoch Ferdia a sheans a thógáil agus dul i ngleic le Cú Chulainn.

B'amhlaidh gur dheartháireacha altrama iad Ferdia agus Cú Chulainn agus ní raibh aon fonn troda orthu. Ar an taobh eile áfach, dá ndiúltóidís troid lena chéile bheadh droch-chlú orthu dá bharr. Throid an bheirt go dú-naimhdeach ar feadh trí lá fhada.

Ag dul faoi na gréine gach lae, leag siad síos na huirlisí troda agus rug siad barróg ar a chéile, iad araon buíoch go raibh an duine eile fós beo.

Rinne siad cóireáil ar chréachtaí a chéile le linn na hoíche agus iad ag caint ar laethanta a n-óige.

Le héirí na gréine ar an gceathrú lá, thóg siad na huirlisí troda ina lámha uair amháin eile. Is ar an lá seo úd go raibh sé d'iallach ar Chú Chulainn a dheartháir altrama a mharú agus é á chosaint féin, agus chaoin sé le héadóchas agus corp Fherdia ina bhaclainn aige.

Tógann Méabh an Tarbh Donn Cuailgne

Bhí i bhfad níos mó deacrachtaí anois ag Méabh ná mar a shíl sí, mar bhí óglaigh Uladh scaoilte ó mhallacht Mhacha agus thug siad ruathar faoi arm Mhéibhe. Bhí a harm scriosta ach d'éirigh léi féin éalú ar bhealach éigin agus sciob sí léi An Tarbh Donn Cuailgne.

Thiomáin sí An Tarbh Donn an bealach ar fad go dtí an tSionainn agus ansin go Cúige Connacht, áit ar lig sé búir mhór mhillteach as, agus é ag tabhairt dúshláin do Fhionnbheannach, Tarbh Bán Connacht.

Thug Fionnbheannach ruathar faoin Tarbh Donn Cuailgne agus é ar dheargbhuile agus a n-adharca cuachta i ngleic lena chéile, bhí siad gafa i gcomhrac fíochmhar nirt a mhairfeadh go titim na hoíche. Bhí fuaim uafásach an tarbhchomhraic ina macalla ar fud na ngleannta agus na tairbh ag ciceáil agus ag sá a chéile ar feadh an lae. I ndeireadh na dála thráigh neart Fhionnbheannaigh agus thapaigh An Tarbh Donn a dheis chun a adharca a shá ina chroí ag déanamh díobháil mharfach dó.

Nóta Insinte: Mallacht Mhacha

Bhí Macha pósta le húinéir talún i gCúige Uladh darbh ainm Cruinniuc. Bhí sé soiléir gur bhean osnádúrtha í Macha mar bhí sí ábalta rith i bhfad níos tapúla ná aon ainmhí in Éirinn. Lá amháin, agus Macha anonn sa tréimhse thoirchis d'imigh Cruinniuc leis chuig na rásaí agus d'fhág sé a bhean chéile sa bhaile ag ligean a scíthe. Bhí Cruinniuc ar meisce nuair a thosaigh sé ag maíomh le haon duine a bhí sásta éisteacht leis, go bhféadfadh a bhean chéile Macha rith níos tapúla ná capaill an Rí. Chuala Conchubhar, Rí Uladh, é seo agus dúirt sé leis, “cruthaigh an méid atá ráite agat anois nó cuirfear chun báis tú.”

Is gearr gur éirigh sé staidéarach stuama agus bhrostaigh sé leis abhaile agus d'inis sé do Mhacha go mbeadh uirthi dul san iomaíocht le capaill an Rí.

“Ach táim ar tí páiste a shaolú”, a bhéic sí. “Ní féidir liom rith chomh tapa agus a d'fhéadfainn go hiondúil. Rachaimid go dtí an Rí agus míneoidimid dó é.” Ní ghlacfaidh Conchubhar le haon leithscéalta uathu, bhí an oiread sin déistine air faoin méid a dúirt Cruinniuc ag na rásaí. Rinne Macha achainí ar fhir Chúige Uladh dul chuig an Rí agus a cás a phléadáil ach níor labhair oiread is fear amháin ar a son. Rith Macha sa rás. Bhuaigh sí go héasca é, ach thit sí ina cnap ag deireadh an rása. Agus í ag fáil bháis saolaíodh cúpla di. Chuir sí mallacht ar fhir Uladh agus í ag tarraingt anála den uair dheireanach.

“Go bhfulaingí fir Uladh pianta breith clainne in am is mó a ngátair”, a scread sí. Leis sin, fuair sí bás agus ba í seo an mhallacht a bhuail fir Uladh nuair a bheartaigh siad dul i mbun troda.

Nóta Insinte : Cú Chulainn

Ba é Cú Chulainn amháin a d'éalaigh ó thionchar mhallacht Mhacha. Bhí dhá fháth leis seo: ba é an dia, Lugh, athair Chú Chulainn agus dá bhrí sin níorbh duine saolta é, Cú Chulainn agus, freisin, toisc nach raibh sé ach seacht mbliana déag d'aois ní raibh sé ina fhear fós. Cuireadh mallacht Mhacha ar “fir Uladh” amháin.